Timpeall an Domhain

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc le trí mhír nuachta ó thimpeall an domhain. Sula bhféachann tú ar an tuairisc féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo – an dtuigeann sibh iad?

páirtí an fhreasúra	olltoghchán
beartaithe	i gcomharba ar
Aire Gnóthaí Eachtracha	
staid éigeandála	tinte foraoiseacha
loscadh	

Ceist 2 Anois éist leis an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht na píosaí eolais sa dá cholún thíos a cheangal. Pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat.

1. Tá ceiliúradh sa Pholainn	a. fós ar iarraidh
2. Donald Tusk	b. mar tá an bua ag The Civic Platform san olltoghchán
3. Mharaigh an PKK	c. ag Gobharnóir Chalifornia
4. Tá ochtar saighdiúirí	d. dhá shaighdiúir déag sa Tuirc
5. Tá staid éigeandála fógraithe	e. idir Santa Barbara agus San Diego
6. Tá na milte acar dóite	f. a thiocfaidh i gcomharba ar Kaczynski

Ceist 3 Éist leis an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

Mír 1: Cad iad na hathruithe atá beartaithe ag Donald Tusk?

Mír 2: Cén fáth a bhfuil na mílte duine bailithe le chéile in Ankara na Tuirce?

Mír 3: Cad é an damáiste atá déanta ag na tinte foraoiseacha i gCalifornia go dtí seo?

Ceist 4 Féach ar na tíortha sa bhosca. An mbíonn na tíortha baininscneach nó firinscneach den chuid is mó? Ag obair leis an duine in aice leat cuir an t-alt roimh na tíortha thíos. Tá cúpla ceann déanta duit.

1	(An) Polainn	An Pholainn
2	(An) Tuirc	An Tuirc
3	(Na) Stáit Aontaithe	Na Stáit Aontaithe
4	(An) Frainc	
5	(An) Spáinn	
6	(An) Portaingéal	
7	(An) Iodáil	
8	(An) Iaráic	
9	(An) Gearmáin	
10	(An) Fionnlainn	
11	(An) Sín	
12	(An) Rúis	

Ceist 5 Féach ar na habairtí thíos:

'Tá sé *beartaithe* ag Donald Tusc. . .'
'. . .na mílte duine *bailithe* le chéile. . .'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. Tá an obair bhaile _____ ar fad ag gach duine sa rang. (déan)

2. Is féidir a rá go bhfuil méid na ndaoine a mharaítear ar na bóithre _____ as smacht. (imigh)

3. Tá na plátaí ar fad _____ agus _____ ar ais sa phrios. (nigh/cuir)

4. Chaith mé an lá inné ag siopadóireacht i mBaile Átha Cliath agus tá mo chuid airgid ar fad _____. (caith)

5. Chuaigh mé go dtí an siopa ar maidin ach bhí sé _____. (dún)

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Ar cheart cead vótála a thabhairt do dhaoine nach Éireannaigh iad ach atá ina gcónaí sa tír le fada?
Ní féidir le hArnold Schwarzenegger a bheith ina uachtarán ar na Stáit Aontaithe mar gur rugadh san Ostair é, an bhfuil sé seo ceart, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

páirtí an fhreasúra	**opposition party**
olltoghchán	**general election**
beartaithe	**decided**
i gcomharba ar	**in succession to**
Aire Gnóthaí Eachtracha	**Minister of Foreign Affairs**
Staid éigeandála	**emergency state**
tinte foraoiseacha	**forest fires**
loscadh	**scorching**

Ceist 2

1. b
2. f
3. d
4. a
5. c
6. e

Ceist 3

Mír 1: Tá sé beartaithe ag Donald Tusk athruithe a dhéanamh ar an tionscal gnó sa tír, caidreamh níos fearr a bhunú idir an Pholainn agus an tAontas Eorpach. Freisin, gheall sé go dtarraigneofaí saighdiúirí de chuid na Polainne amach as an Iaráic.

Mír 2: Mharaigh reibiliúnaigh PKK dhá shaighdiúr déag de chuid na Tuirce in oirdheisceart na tíre inné agus tá ochtar saighdiúirí* eile fós ar iarraidh.

Mír 3: Tá duine amháin marbh go dtí seo agus tá na mílte acar idir Santa Barbara agus San Diego dóite. B'éigean dó na mílte duine bogadh óna gcuid tithe mar gheall ar an gcontúirt.

Ceist 4 Bíonn na tíortha baininscneach den chuid is mó.

1	(An) Polainn	An Pholainn
2	(An) Tuirc	An Tuirc
3	(Na) Stáit Aontaithe	Na Stáit Aontaithe
4	(An) Frainc	An Fhrainc
5	(An) Spáinn	An Spáinn
6	(An) Portaingéal	An Phortaingéal
7	(An) Iodáil	An Iodáil
8	(An) Iaráic	An Iaráic
9	(An) Gearmáin	An Ghearmáin
10	(An) Fionnlainn	An Fhionnlainn
11	(An) Sín	An tSin
12	(An) Rúis	An Rúis

Ceist 5

1. Tá an obair bhaile déanta ar fad ag gach duine sa rang. (déan)

2. Is féidir a rá go bhfuil méid na ndaoine a mharaítear ar na bóithre imithe as smacht. (imigh)

3. Tá na plátaí ar fad nite agus curtha ar ais sa phrios. (nigh/cuir)

4. Chaith mé an lá inné ag siopadóireacht i mBaile Átha Cliath agus tá mo chuid airgid ar fad caite. (caith)

5. Chuaigh mé go dtí an siopa ar maidin ach bhí sé dúnta. (dún)

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Éimear Ní Chonaola
Thar lear anois agus caithfidh muid súil ar chuid de scéalta idirnáisiúnta an lae. Timpeall na cruinne.

Mír 1 - An Pholainn
Ceiliúradh sa bPolainn agus is é ionann is cinnte go mbeidh an bua ag páirtí an fhreasúra, An Civic Platform san olltoghchán a bhí ar bun ansin inné. Is é ceannaire an Civic Platform Donald Tusc a thiocfaidh i gcomharba ar phríomh-aire na tíre Kaczynski. Tá sé beartaithe ag Donald Tusk athruithe a dhéanamh ar an tionscal gnó sa tír, caidreamh níos fearr a bhunú idir an Pholainn agus an tAontas Eorpach. Freisin, gheall sé go dtarraigneofaí saighdiúirí de chuid na Polainne amach as an Iaráic.

Mír 2 - An Tuirc
Tá an teannas ag éirí níos measa sa Tuirc, agus na mílte duine bailithe le chéile sa phríomhchathair Ankara, mar gur mharaigh reibiliúnaigh PKK dhá shaighdiúr déag de chuid na Tuirce in oirdheisceart na tíre inné agus tá ochtar saighdiúirí* eile fós ar iarraidh. Ach, dhearbhaigh Aire Gnóthaí Eachtracha na tíre go ndéanfar chuile iarracht an scéal a réiteach ar bhealach síochánta.

Mír 3 - Na Stáit Aontaithe
Agus ar deireadh tá staid éigeandála fógraithe ag gobharnóir Chalifornia, Arnold Schwarzenegger sa stát. Tá tinte foraoiseacha ag scaipeadh go tréan agus tá breis is seacht gcéad oibrí dóiteáin ag dul i ngleic leis an loscadh. Tá duine amháin marbh go dtí seo agus tá na mílte acar idir Santa Barbara agus San Diego dóite. B'éigean dó na mílte duine bogadh óna gcuid tithe mar gheall ar an gcontúirt.

* *ocht saighdiúir* a deirtear